

AN CLÁR FEABHSÚCHÁIN POBAIL 2019

NÓTA: Spriocdháta an 30 Bealtaine 2019



**An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail**
Department of Rural and
Community Development



D'ÚSÁID NA hOIFIGE AMHÁIN

Dáta a Fuarthas:

Uimhir Thagartha:

Moladh an LCDC:

AINM AN GHRÚPA/NA hEAGRAÍOCHTA:

NÍ MÓR GACH IARRATAS A SHEOLADH AR AIS CHUIG:

AN CLÁR FEABHSÚCHÁIN POBAIL

An Roinn Pobail

Comhairle Contae Mhuineacháin

An Gleann

Muineachán

H18YT50

Faoin 5pm 30 Bealtaine 2019

CLOÍFEAR GO DLÚTH LEIS AN SPRIOCDHÁTA

Léigh Treoirínte an CEP maidir le hlarratas sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail An Clár Feabhsúcháin Pobail

Feidhmíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (“an Roinn”) clár deontais trí Choistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC’nna). Cuireann an deontas caipitil seo maoiniú ar fáil le feabhas chur ar shaoráidí i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste. Ba chóir go mbeadh baint ag iarratais le ceann amháin nó níos mó de na príomhcheantair atá aitheanta i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail an LCDC (LECP) ar mhaithe le bheith incháilithe lena mbreithniú.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- Cuirfear deontais ar fáil, faoin gClár Feabhsúcháin Tuaithe (CEP), atá á mhaoiniú ag an Roinn, ar mhaithe le tionscadail chaipitil le feabhas a chur ar shaoráidí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Ní chuirtear maoiniú ar fáil faoin scéim chun foireann a fhostú.
- Ní mór go rachaidh an ghníomhaíocht nó an tionscadal chun leasa don phobal áitiúil agus go mbeidh baint acu leis na príomhcheantair atá aitheanta san LECP.
- Ní mór go mbeidh an t-eolas a chuireann grúpa/eagraíocht an iarratasóra ar fáil cruinn agus iomlán.
- D’fhéadfadh dícháiliú a bheith i gceist agus/nó an deontas a bheith le haisíoc mar thoradh ar eolas mícheart a chur ar fáil.
- Coimeádfar an t-eolas go léir a chuirtear ar fáil maidir leis an iarratas ar dheontas go leictreonach. Tá an ceart ar chosaint ag an Roinn liosta de na deontais go léir a thugtar amach a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.
- Tá baint ag an Acht um Shaoráil Faisnéise le gach taifead atá á gcoimeád ag an Roinn agus ag Údarás Áitiúla.
- Ní mór go mbeidh an t-iarratas sínithe ag Cathaoirleach, Rúnaí nó ag Cisteoir na heagraíochta atá ag déanamh an iarratais.
- Tá sé de fhreagracht ar gach eagraíocht a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus beartais chearta i bhfeidhm, lena n-áirítear, árachas cuí, nuair is cuí.
- Ní mór iarratais a bheith déanta ar fhoirm na bliana 2019.
- Ní mór fianaise maidir le caiteachas, fáltais/sonraisc a choimeád agus iad a chur ar fáil don LCDC nó dá gcuid ionadaithe, má éilítear a leithéid.
- Ní mór airgead deontais a chaitheamh agus a tharraingt anuas ón LCDC faoi dheireadh na bliana 2019. D’fhéadfadh fianaise ghrianghrafadóireachta a bheith riachtanach le tarraingt anuas deontais a éascú.
- Ní mór aitheantas poiblí a thabhairt do ranníocaíocht na Roinne i ngach ábhar a bhaineann le cuspóir an deontais.
- Go ginearálta ní dhéanfar breithniú ar aon iarratais tríú páirtí nó idirghabhálaithe
- Ní bhreithneofar iarratais atá deireanach.
- Ba chóir d’iarratais sa phost an luach ceart de stampaí a úsáid agus am leordhóthanach a cheadú le seachadadh a chinntiú tráth nach déanaí ná **5pm, Déardaoin an 30 Bealtaine 2019**. Ní bhreithneofar aon éileamh maidir le haon iarratas a théann amú nó ar cuireadh moill air sa phost, mura mbíonn Deimhniú Postais ó Oifig an Phoist ag iarratasóirí a thacaíonn le héilimh den sórt sin.
- D’fhéadfadh smachtbhannaí, lena n-áirítear, nó cead a bhaint amach ó thaobh iarratais a dhéanamh amach anseo a bheith i gceist mar thoradh ar shárú téarmaí agus coinníollacha na scéime deontais.
- Cinntigh, le do thoil, go gcomhlánaítear an fhoirm iarratais go hiomlán. Ní bhreithneofar iarratais do mhaoiniú nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán.
- Ar mhaithe le d’iarratas a phróiseáil, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach don Comhairle Contae Mhuineacháin sonraí pearsanta a bhailiú uait. Déanfar faisnéis den sórt sin a phróiseáil ar aon dul le ráiteas príobháideachais an Údarás Áitiúil, atá le fáil lena fheiceáil ag www.monaghan.ie.

Ní mór gach ceist ar an bhfoirm seo a fhreagairt. Scríobh do chuid freagraí, le do thoil, go soiléir i mbloclitreacha.

CUID 1 – D'EAGRAÍOCHT

Ainm an Ghrúpa / na hEagraíochta	
Seoladh	
Éirchód	
Ainm Teagmhála	
Ról sa Ghrúpa/na hEagraíochta	
Uimhir Theileafóin	
Ríomhphost	
Láithreán Gréasáin	
Ainm Teagmhála Eile	
Uimhir Theileafóin Eile	
Ríomhphost eile	

Déan cur síos gearr, le do thoil, ar do ghrúpa/eagraíocht, m.sh. struchtúr coiste, sceideal cruinnithe, srl. _____

An bhfuil d'Eagraíocht/Grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) áitiúil ábhartha?

TÁ NÍL

Más **NÍL** atá i gceist, b'fhéidir go smaoineofá ar a bheith i do chomhalta den PPN.

An bhliain ar bunaíodh _____

Cad é cuspóir an ghrúpa/na heagraíochta _____

Ní íocfar maoiniú le hiarratais rathúla faoin gclár seo ach amháin isteach i gCuntas Bainc eagraíocht an iarratasóra. Cinntigh, le do thoil, go bhfuil mionsonraí do Chuntais Bainc ar láimh agat sa chás is go n-éiríonn leis an iarratas.

An bhfuair tú maoiniú faoi aon scéim deontais caipitil ón mbliain 2016 suas go dtí an dáta reatha – m.sh. deontais ó Ranna Rialtais, Údarás Áitiúil nó LEADER?

FUAIR **NÍ BHFUAIR**

Más **FUAIR**, tabhair mionsonraí thíos le do thoil:

Ainm na scéime	Eagraíocht maoinithe	Méid an mhaoinithe

Má íocadh aon mhaoiniú den mhaoiniú sin tríd an Údarás Áitiúil, ar sheol tú isteach do chuid Mionsonraí maidir le Cuntas Bainc roimhe seo?

SHEOL **NÍOR SHEOL**

An bhfaigheann tú maoiniú ó aon eagraíocht eile?

FAIGHEANN **NÍ FHAIGHEANN**

Más **FAIGHEANN**, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil:

Eagraíocht maoinithe	An méid a fuarthas	An dáta a fuarthas é

An bhfuil d'eagraíocht cleamhnaithe nó ceangailte le haon chomhlacht ábhartha áitiúil réigiúnach nó náisiúnta?

TÁ **NÍL**

Más **TÁ**, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil:

Ainm na hEagraíochta/na nEagraíochtaí:

Conas a nascann d'eagraíocht le heagraíochtaí eile i do cheantar? _____

Uimhir Stádais Carthanais: (más infheidhme):

Uimhir Thagartha Cánach (más infheidhme):

Uimhir Rochtana Imreítigh Cánach (más infheidhme):

CUID 2 – Mionsonraí maidir leis an Tionscadal

Cá mhéad maoiniú atá á lorg agat? Cuir tic ar rogha amháin thíos.

- Deontas caipitil ar scála beag €1,000 nó níos lú
- Deontas caipitil os cionn €1,000

CUSPÓIR AN DEONTAIS

Cad chuige a n-úsáidfean an maoiniú?

Nóta: Níl an liosta seo uileghabhálach, ach tugtar samplaí de na cineálacha caiteachais caipitil ann

- | | | |
|--|---|--|
| <input type="checkbox"/> Trealamh IT | <input type="checkbox"/> Trealamh Spóirt | <input type="checkbox"/> CCTV |
| <input type="checkbox"/> Comharthaíocht | <input type="checkbox"/> Trealamh Traenála | |
| <input type="checkbox"/> Uasghrádú foirgnimh | <input type="checkbox"/> Uasghrádú ar chlós súgartha | <input type="checkbox"/> Trealamh sábháilteachta |
| <input type="checkbox"/> Dífhibrileoir | <input type="checkbox"/> Uasghrádú ar éifeachtúlacht fuinnimh | |
| <input type="checkbox"/> Saoráid phobail a fhorbairt | | <input type="checkbox"/> Eile (Tabhair mionsonraí) |
| | | <input type="checkbox"/> Saoráidí taighde |
-
-

Cad é cuspóir an deontais? (Tabhair breac-chuntas ar mhionsonraí an tionscadail).

Cén uair a chuirfean tús le do thionscadal? _____

Cén uair a dtabharfar do thionscadal chun críche? _____

An bhfuil na ceadanna ábhartha go léir i bhfeidhm (m.sh. pleanáil, toiliú scríofa ó úinéir talún/maoine má bhaineann forbairt maoinne le do thionscadal)?

Níl infheidhme **TÁ** **NÍL**

An tionscadal iomlán nua é seo nó an bhfuil sé mar chuid d'fhorbairt chéimnithe, nasctha le (nó an bhfuil sé maoinithe) ag scéimeanna eile a fheidhmíonn Ranna Rialtais nó an tÚdarás Áitiúil?

SEA **NÍ hEA**

Más **EA**, tabhair na mionsonraí thíos, le do thoil:

MAOINIÚ

An tsuim a bhfuiltear ag déanamh iarratais ina leith €
faoin CEP:

An cuid den chostas é seo nó costas iomlán an Cuid de Costas
tionscadail? iomlán

Más cuid den chostas atá i gceist, tabhair costas €
measta iomlán an tionscadail:

Nóta tábhachtach: Cuir na doiciméid tacaíochta ar aghaidh le do thoil. Má tá costas iomlán an tionscadail níos lú ná €5,000 agus nach bhfuil baint aige le hoibreacha foirgnimh/tírdhreacha/tógála, ansin cuir meastacháin ó thriúr soláthróirí neamhspleácha ar a laghad leis an fhoirm seo. Déan teagmháil, le do thoil, i ngach cás eile le cep2019@monaghancoco.ie no 047 73720 chun eolas a fháil maidir leis na doiciméid tacaíochta atá riachtanach.

Le bheith incháilithe do mhaoiniú faoin gclár seo, nó mór duit a lua cá háit a dtiocfaidh tú ar aon easnamh sa mhaoiniú. Cuir na mionsonraí sin ar fáil thíos.

Foinse	Suim

An bhfuair d'eagraíocht maoiniú faoin Scéim Saoráidí Pobail nó faoi RAPID sa bhliain 2017, nó faoi CEP na bliana 2018, nó faoi chiste Sheid na bhFear 2018?

FUAIR **NÍ BHFUAIR**

Más **FUAIR**, tabhair mionsonraí maidir leis an tionscadal a fuair maoiniú sa bhliain 2017 agus/nó 2018:

Luaigh, le do thoil, an bealach a bhfuil sé beartaithe ag do ghrúpa aitheantas a thabhairt go poiblí don Roinn, don Údarás Áitiúil nó don LCDC

Déanfaidh an LCDC seiceáil lena chinntiú go n-oibríonn an t-iarratas seo i dtreo aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí laistigh den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) ar féidir leat teacht air ar láithreán gréasáin d'údaráis áitiúil. **Más suim níos mó ná €1,000 atá i gceist le d'iarratas**, comhlánaigh an tábla thíos agus luaigh an príomhcheantar/ na príomhcheantair tosaíochta san iarratas seo ar dheontas faoin LECP a mbaineann siad leo agus an líon measta daoine a bhainfidh leas astu.

Más do dheontas caipitil ar scála beag €1,000 nó níos lú d'iarratas, ansin d'fhéadfadh sé gur mhian leat an tábla thíos a chomhlánú, ach ní gá duit é sin a dhéanamh.

Príomhcheantar tosaíochta an LECP	Líon na ndaoine a bhainfidh tairbhe as

CUID 3- DEARBHÚ

- Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhoirm seo ceart.
- Deimhním gur léigh mé agus go dtuigim go hiomlán Téarmaí agus Coinníollacha an Chláir Feabhsúcháin Pobail (féach leathanach 2 den fhoirm seo).
- Deimhním gur léigh mé Treoirlínte Iarratais an Chláir Feabhsúcháin Pobail sular chomhlánaigh mé an fhoirm seo.
- Deimhním go nglactar leis na Téarmaí agus Coinníollacha agus go gcomhlíontar iad agus an t-iarratas seo ar dheontas á sheoladh ar aghaidh.
- Deimhním nach bhfuil an maoiniú ag an ngrúpa/eagraíocht chun tabhairt faoin obair/tionscadal gan an cúnamh deontais seo nó, mar mhalairt air sin, go dtabharfaidh grúpa/eagraíocht an iarratasóra faoi thionscadal níos mó anois ar an deontas a fháil nach mbeifí in ann tabhairt faoi murach an deontas.
- Deimhním go bhfuil grúpa/eagraíocht an iarratasóra comhlíontach i dtaobh cánach (má tá sé/sí cláraithe do cháin).

Ainm i mbloclitreacha (thar ceann an ghrúpa / na heagraíochta):	
Síniú:	
Post sa ghrúpa / eagraíocht (bloclitreacha):	
Dáta:	